



Eolas faoi Bhrám Stoker Quiz Sheet

D'eisigh An Post dhá stampa le linn 2012 chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar bhás Bhrám Stoker, údar de cheann de na húrscéalta uafáis is mó clú sa domhan, Dracula.



Rugadh Bram Stoker i mBaile Átha Cliath in 1847 agus fuair sé a chuid oideachais i gColáiste na Tríonóide. Bhí sé ina státseirbhíseach agus ba léirmheastóir drámaíochta é don nuachtán Dublin Evening Mail freisin. Tar éis dó Florence Balcombe a phósadh in 1878, bhog sé go Londain áit ar oibrigh sé mar chuntóir pearsanta dá laoch aisteoireachta Sir Henry Irving. Bhí sé mar bhainisteoir ar Amharclann Lyceum arbh le Sir Henry Irving í freisin.

Ina chuid ama breise féin, scríobh Stoker go leor úrscéalta chun tuilleadh airgid a thuilleamh. Is é an ceann is cáiliúla díobh sin ná an cúigiú húrscéal a scríobh sé, darb ainm Dracula, a foilsíodh in 1897. Insíonn sé scéal an Chunta Dracula, as an Trasalváin, atá ina vaimpír. Tá carachtar an Chunta bunaithe ina chodanna ar an bPrionsa Rómánach Vlad III an Sáiteoir, a mhair sa 15ú hAois agus ar tugadh Vlad Dracula air freisin. Le linn a shaoil scríobh Bram Stoker ocht leabhar déag. Fuair sé bás i Londain in 1912.



Ba é David Rooney a rinne dearadh ar stampaí An Post agus iad bunaithe ar a chuid líníochta de Bhrám Stoker agus de Dhracula.





Eolas faoi Bhram Stoker

Quiz Sheet

Freagair na ceistanna seo a leanas

1. Cén bhliain ar rugadh Bram Stoker?
2. Cén áit a fuair sé a chuid oideachais?
3. Cé a phós Bram Stoker?
4. Cad é an t-úrscéal is cáiliúla le Bram Stoker?
5. Cé mhéid úrscéal a scríobh Bram Stoker?
6. Cén bhliain ar foilsíodh an t-úrscéal Dracula?
7. Cén áit arbh as don Chunta vaimpír Dracula, mar a deirtear?
8. Cé a bhí mar inspioráid do charachtar an Chunta?
9. Cén bhliain a fuair Bram Stoker bás?
10. Cé a rinne an líníocht ar a bhfuil na stampaí 55c Bram Stoker bunaithe?

Obair Baile molta:

- Samhlaigh gur údar tú cosúil le Bram Stoker. Cruthaigh do vaimpír féin agus scríobh alt le cur síos a déanamh air/uirthi.
- Samhlaigh go raibh tú i do dhúiseacht i nduibhré na hoíche agus go bhfaca tú vaimpír ó fhuinneog do sheomra leapa. Scríobh ríomhphost chuig do chara ag insint do/di cad a chonaic tú agus conas ar mhothaigh tú.
- Roghnaigh an scéal uafáis is fearr leat agus tarraing do stampa féin do An Post, ag baint úsáide as an scannán/leabhar seo mar théama.

